



# Éire Ildánach Phort Láirge Glao Oscailte 2022

Eolas & Treoirínite

## MAOINIÚ ÉIRE ILDÁNACH

Tá an clár Éire Ildánach bunaithe ar an gcultúr agus dearadh é chun dea-bhail an duine aonair agus an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn. An bun tuiscint is ea go spreagann rannpháirtíocht i ngníomhaíocht chultúrtha an chruthaitheacht phearsanta agus chomhchoiteann agus go dtéann sin i bhfeidhm go suntasach dá réir ar bhail agus ar éifeacht an duine aonair agus na sochaí. An aisling atá leis is ea:

**'Go mbeidh sé de dheis ag gach duine atá ina c(h)ónaí in Éirinn an tualaing chruthaitheach atá ann nó inti a bhaint amach ina hiomláine'**

Mar is amhlaidh le gach Údarás Áitiúil faoin gclár Éire Ildánach, tugadh de chúram do Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge Colún a Dó de na Cúig Cholún sa Chlár Éire Ildánach Náisiúnta a chur i bhfeidhm.

**Colún 2** Comhphobail Chruthaitheacha - An Chruthaitheacht a Chumasú i ngach Comhphobal.

Faoin gClár Éire Ildánach tá iarratais ar thionscadail agus ar thionscnaimh a bheidh ar siúl in 2022 á lorg anois.

**Tabharfar tús áite do thionscadail cruthaitheacha trasearnálacha agus comhoibritheacha a thagann ón bpobal, nó atá dírithe ar an bpobal. Chun go n-éireoidh le hiarratas, caithfidh iarrthóirí a léiriú conas a ndéanfar pobail a ghríosadh i slí ghníomhach chun a bheith níos cruthaithí.**

An deontas is mó a bheidh ar fáil do thionscadal faoi leith sa bhabhta maoinithe seo is ea €8,000.

Cuirtear fáilte freisin roimh iarratais ar dheontais ar mhéideanna níos lú.

Beidh 75% de chostas ceadaithe an tionscadail ar fáil ó Chlár Éire Ildánach Phort Láirge mar thaca, agus íocfaidh na hiarrthóirí a n-éireoidh leo 25% den chostas.

Tá cead ag grúpaí pobail agus deonacha, ag eagraíochtaí, ag ionaid, ag ealaíontóirí, ag scríbhneoirí, ag taibheoirí, ag seandálaithe, ag staraithe, ag cartlannaithe, ag scoileanna, ag coláistí agus ag daoine aonair a bhfuil in ann cion oibre a dhéanamh le leas na cruthaitheachta agus an chultúir i bPort Láirge iarratais a chur isteach.



An cuspóir is ea an tionscadal atá agat a nascadh le Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge 2018 – 2022 agus le ceann nó níos mó de Phríomhthéamaí Ghlaio Oscailte 2022 Éire Ildánach Phort Láirge.

[Tá Foireann Uirlisí le haghaidh Straitéis agus Phobail Chruthaitheacha Phort Láirge ar fáil ag <http://www.waterfordcouncil.ie/departments/culture-heritage/creativeireland.htm>]

### **Anseo a leanas Príomhthéamaí Ghlaio Oscailte 2022 Éire Ildánach Phort Láirge:**

- Comharobair
- Cumarsáid
- Pobal
- Páirteachas
- Uileghabhálacht
- Cumhachtú
- Nualaíocht

**Seo cuireadh daoibh anois uainn-ne sibh féin a shamhailt mar chomh-chruthaitheoirí de bhur dtaithe féin ar an gcultúr agus ar an gcruthaitheacht, agus pobail ar díol spéise dóibh iad a chur i ngluaiseacht.** Tugaimid spreagadh do chomharobair **nua** agus uailmhianach a bhfuil ciall léi i measc daoine agus pobal agus i measc ealaíontóirí/sheandálaithe/staraithe/chartlannaithe agus na daoine uile eile a bhfuil baint acu leis an gcultúir agus leis na hearnálacha cruthaitheachta i bPort Láirge.

**Tabharfar tús áite do thionscadail trasearnálacha agus comhoibritheacha atá bunaithe nó dírithe ar phobail.**

## **AN PRÓISEAS IARRATAIS**

**Caithfidh tú Foirm Iarratais Ghlaio Oscailte 2022 Éire Ildánach Phort Láirge a chomhlánú agus a chur isteach chun iarratas a dhéanamh.**

**Is é 4 i.n. an 28/02/2022 an sprioc-am le haghaidh iarratais.**

Maidir leis na hiarratasóirí ar éirigh leo, cuirfear sin in iúl dóibh faoin 31/03/2022.

**Déanfar d'iarratas a mheas faoi na critéir seo a leanas. Bí cinnte go bhfuil na réimsí uile comhlánaithe.**

- Fianaise ar conas atá an tionscadal seo atá beartaithe agat nasctha le ceann amháin nó níos mó de Phríomhthéamaí Ghlaio Oscailte 2022 Éire Ildánach Phort Láirge (30 marc)



- Ardchaighdeán, uaillmhian agus fianaise ar chomharobair sa tionscadal atá beartaithe (20 marc)
- Breac-chuntas ar cé hiad an 'lucht airdill' agus ar cé a ghlacfaidh páirt ann (10 marc)
- Cur síos ar inbhuaine agus ar oidhreacht an tionscadail in imeacht ama (15 marc)
- Inniúlacht/cumas an iarratasóra móide fhianaise air sin, chun tabhairt faoin tionscadal agus chun é a chur i ngníomh (10 marc)
- Caighdeán agus indéantacht an tionscadail a bheartaítear i bhfianaise an bhuiséid a cuireadh isteach (15 mharc)

**D'fhéadfaí na samplaí a leanas a chur san áireamh mar shamplaí de thionscadail phoitéinsiúla, ach ní hiad amháin a gcuirfear san áireamh.**

- Tionscadail a chuireann le hinbhuaine na ndaoine a oibríonn sna hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta.
- Tionscadail a spreagann daoine chun dul i dtaithe ar a gcruthaitheacht féin, go háirithe daoine óga.
- Tionscadail nó imeachtaí aon uaire in ealaíona taibhléirithe nó amhairc, sa litríocht, i gcultúir nó san oidhreacht.
- Saothar is féidir a phiólótú trí mhaoiniú Éire Ildánach agus a thógáil a thuilleadh in imeacht ama.
- Tionscadail a dhéanann iniúchadh ar chultúr agus ar oidhreacht ar bhealaí cruthaitheacha agus nuálacha.
- Ceardlanna, cainteanna nó léachtaí faoi ealaíona taibhléirithe nó amhairc, faoi litríocht, faoi chultúir nó faoin oidhreacht.
- Coimisiúin le haghaidh obair chruthaitheach nua ab fhéidir a chur os comhair an tsaoil i bPort Láirge.
- Tionscadail taighde a chuireann leis an mbunachar eolais faoin gcruthaitheacht i bPort Láirge agus san Oirdheisceart.

**CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA D'IARRTHÓIRÍ**

- Tá an Gairm Oscailte seo dírithe go príomha ar ghrúpaí/eagraíochtaí neamhbhrabúis: is cuireadh dóibh é chun tabhairt faoi chlár, faoi imeachtaí agus faoi thionscnaimh nuálacha a bhaineann áis as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht mar mheáin chun dul i bhfeidhm go dearfach ar an bpobal. Caithfidh na tionscadail a bheith comhoibríoch agus é mar aidhm acu pobail chruthaitheacha a chothú trí rannpháirtíocht ghníomhach ó dhaoine. Spreagaimid comhpháirtíocht idir eagraíochtaí agus grúpaí cruthaitheacha agus pobail atá ag iarraidh tionscadail fhadtéarmacha a fhorbairt.



- Tugaimid spreagadh do chomharobair uailmhianach, fiúntacha atá nua, nó atá á fhorbairt, idir dhaoine agus pobail agus ealaíontóirí/seandálaithe/staraithe/cartlannaithe agus na daoine uile eile a bhfuil baint acu leis an gcultúir agus leis na hearnálacha cruthaitheacha i bPort Láirge.
- Beidh an tionscadal lonnaithe i bPort Láirge le bheith incháilithe do mhaoiniú.
- Is gá do gach tionscadal a fhaigheann maoiniú ó, nó atá bainteach le, Éire Ildánach (Port Láirge) cloí le srianta an Rialtais maidir le Covid 19.
- Is gá go dtarlóidh an tionscadal sa bhliain féilire ina dheonfar an t-airgead.
- Ní thabharfar aon mhaoiniú chun costais riaracháin ghinearálta a chlúdach.
- Ní dheonfar cúnamh maoinithe i leith gníomhaíochtaí tráchtála.
- Tá bileog Eolais maidir le Glao Oscailte 2022 Éire Ildánach Phort Láirge curtha ar fáil ar láithreán gréasáin Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus ní mór go mbeidh sí léite agus tuigte ina hiomláine ag iarratasóirí incháilithe agus na coinníollacha inti sásaithe acu.
- I gcás go mbeidh ealaíontóirí/gairmithe cruthaitheacha gafa leis an tionscadal ní mór fianaise air sin a thaispeáint i mbuiséad na dtáillí atá beartaithe.
- Ní bheidh an maoiniú do thionscadail/imeachtaí cinnte in ainneoin na gcritéar incháilitheachta íosta a bheith bainte amach acu.
- Tá an ciste teoranta agus is ar bhonn iomaíoch a dhéanfar iarratais incháilithe a mheas.
- Cuirfear san áireamh i ndámhachtain foriomlán na ndeontas, an ionadaíocht gheografach laistigh de Phort Láirge agus dáileachán na gcistí.
- Tabhair do d'aire le do thoil, i gcás go bhfuil sé ar intinn agat obair le leanaí agus le daoine óga, nach mór duit fianaise ar an bpolasaí cosanta leanaí atá agat nó ar pholasaí cosanta leanaí na heagraíochta comhpháirtíochta a bhfuil tú páirteach inti a thaispeáint (Beifear ag lorg fianaise má éiríonn leis an iarratasóir san iarratas).
- Éilíonn Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge go mbeidh grinnfhiosrúchán déanta ag na Gardaí ar gach iarratasóir atá ag obair le páistí, le daoine óga agus/nó le daoine leochaileacha.
- Ní mór go mbeidh grúpaí/eagraíochtaí/daoine aonair féinfhostaithe/ealaíontóirí comhlíontach ó thaobh cánach de; ní mór go mbeidh árachas cuí ceannaithe acu agus go gcomhlíonfaidh siad gach ceangal maidir le Sláinte agus Sábháilteacht.
- Beidh méid an deontais seo athraitheach, ach is é €8,000 in aghaidh an tionscadail an t-uasmhéid a íocfar, gach costas san áireamh ar a n-áirítear aon chostas, aon táillí, iompar, costais, ábhair, árachas, seirbhísí a theastaíonn agus aon CBL atá dlite ar chostais.
- Is é an deontas atá freagrach as a chinntiú go bhfuil na ceadanna, ceaduithe, ceadúnais nó aon toiliú a bheidh de dhíth ort le haghaidh an tionscadail deimhnithe.
- Ba cheart go léireofaí lógónna Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus Éire Ildánach ar gach ábhar clóite agus ba cheart go n-admhófaí iad ar shuíomhanna gréasáin agus ar na meáin shóisialta a ghabhann le himeachtaí.
- Is ceart d'iarrthóirí rathúla gur gá dóibh a dtionscadal/a ngníomhaíocht a athsceidealú go dtí dáta eile laistigh den tréimhse ama ceadaithe, nó gur gá dóibh an tionscadal a bhí beartaithe a athrú in aon tslí, teagmháil a dhéanamh le hÉire Ildánach láithreach, leis na sonraí nua. Ní bheidh cead ag iarrthóirí rathúla nach féidir leo athsceidealú laistigh den tréimhse ama atá ceadaithe an maoiniú a tharraingt anuas.



- Is gá d'faighteoirí mhaoiniú Éire Ildánach admhálacha ábhartha a chur ar fáil sular féidir an deontas a tharraingt anuas.
- Éilítear ar iarrthóirí a n-éiríonn leo, tuarascáil ghearr ar an dul chun cinn a thabhairt d'fhoireann Éire Ildánach Phort Láirge ar an 31 Deireadh Fómhair 2022 nó roimhe sin.

**Míreanna agus costais nach nglactar leo ó thaobh mhaoiniú Ghlaos Oscailte 2022 Éire Ildánach Phort Láirge:**

- Ní ghlacfar le caiteachas ar dheoch alcólach, le costas chóiríochta, le costas fineála, le híocaíocht phionóis, le costas dlí, le táille iniúchta, le táille comhairleachta airgeadais agus le pá agus le tuarastail sainchomhairleoirí
- Ní ghlacfar le haon tionscadal a ndearbhaítear gur eintiteas príobháideach ar leith an príomh thairbhí
- Ní ghlacfar le tionscadail nach mbaineann le Clár Cultúir an Chontae agus/nó leis an gClár Éire Ildánach
- Níl costais chaipitil incháilithe i gcomhair mhaoinithe faoin deontas seo, ar nós costais leictreonaice, tógála srl. Má tá amhras ort, déan teagmháil le [creativewaterford@waterfordcouncil.ie](mailto:creativewaterford@waterfordcouncil.ie)

**Tabhair do d'aire le do thoil: go gceapfar Painéal Seachtrach neamhspleách chun gach iarratas a mheas.**



## Éire Ildánach Phort Láirge – Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2018-2022

<http://www.waterfordcouncil.ie/departments/culture-heritage/creativeireland.htm>

### **Aisling:**

'Éiceachóras cultúrtha agus cruthaitheach a bhunú i bPort Láirge ina dtógfar ar na bunláidreachtaí atá ann cheana féin, ina méadófar an inniúlacht chultúrtha ar fud an chontae chun cláir a fhorbairt trína léireofar riachtanais an phobail agus ina mbeidh deiseanna ar rochtain, ar pháirtíocht agus ar idirchaidreamh i gcúrsaí cultúir agus cruthaitheachta ar fáil do gach saoránach.'

**Iarrtar ort do bhunsmaoineamh/thionscadal/thionscnamh a nascadh go díreach le ceann amháin (nó níos mó) de Phríomhthéamaí Ghlaio Oscailte 2022 Éire Ildánach Phort Láirge a leagtar amach anseo thíos.**

### **Anseo a leanas Príomhthéamaí Ghlaio Oscailte 2022 Éire Ildánach Phort Láirge:**

#### **Téama 1: Comharobair**

**Cuspóir:** Cúram ceannaireachta a ghlacadh ort féin in éindí le comhpháirtithe chun timpeallacht chomharoibre ina gcuirfear deiseanna ar fáil a thacú: déanfar sin ar mhaithe le hacmhainní a comhroinnt d'fhonn cultúr agus cruthaitheacht a chur chun cinn.

#### **Téama 2: Cumarsáid**

**Cuspóir:** Feasacht ar chultúr agus ar chruthaitheacht a mhúscailt. Beidh sé de chumas ag an tionscadal an spriocghrúpa agus lucht airdill eile nach iad a bhaint amach agus dul i mbun caidrimh leo.

#### **Téama 3: Pobal**

**Cuspóir:** Tugtar tacaíocht leis an tionscadal do chultúr agus don chruthaitheacht i ngach pobal, ar a n-áirítear pobail a bhfuil ról acu sna healaíona agus sa chultúr, pobail Ghaeilge, páistí, daoine óga agus pobail nua. Cuirfear fianaise ar fhorbairt pobail ar fáil leis i réimsí an chultúir agus na cruthaitheachta agus cloífear dá réir le luachanna maidir le comhionannas, le héagsúlacht agus le rochtain do chách.

#### **Téama 4: Páirteachas**

**Cuspóir:** Cuirfear deiseanna breise ar fáil leis maidir le rannpháirteachas i ngníomhaíochtaí cultúrtha, bíodh sin ar bhonn áitiúil nó ag leibhéal an chontae.

#### **Téama 5: Uileghabhálacht**

**Cuspóir:** Léiríodh an tionscadal luach na huileghabhálachta agus is gné bhunúsach í an uileghabhálacht d'aidhmeanna an tionscadail.



### **Téama 6: Cumhachtú**

**Cuspóir:** Féachfar leis le pobail áitiúla a chumasú lena a slite maireachtála a fheabhsú trí féinléiriú cultúrtha agus trí rannpháirteachas i ngníomhaíochtaí cultúir.

### **Téama 7: Nualáíocht**

**Cuspóir:** Baintear úsáid ann as modhanna nua chun cruthaitheacht agus cultúr a léiriú, m.sh., as beochan, as an teicneolaíocht digiteach, as bealaí nua chun lucht airdill a bhaint amach go háirithe an lucht airdill sin ar “deacair teacht orthu”.

**Chun iarratas a dhéanamh ní mór duit; Foirm Iarratais Ghlaio Oscailte 2022 Éire Ildánach Phort Láirge a chomhlánú agus a chur isteach ag [www.bit.ly/waterfordopencall2022](http://www.bit.ly/waterfordopencall2022)**



**Is é 4 i.n. an 28/02/2022 an spriocam le haghaidh iarratais.**

I gcás go dteastaíonn tuilleadh eolais uait is féidir teagmháil a dhéanamh le [creativewaterford@waterfordcouncil.ie](mailto:creativewaterford@waterfordcouncil.ie)